




### An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí – Tuarascáil Bhliantúil 2013





**An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí**  
**Public Appointments Service**

D'fhoilsigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don chéad uair in 2014  
don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

© 2014 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Gach ceart ar chosaint Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chraoladh i bhfoirm ar bith  
nó ar shlí ar bith, go leictreonach nó go meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadh  
nó aon chóras stórála eolais nó aisghabhála gan cead scríofa ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

## **CLÁR ÁBHAIR**

<b>Ráiteas an Chathaoirligh</b>	<b>3</b>
<b>Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh</b>	<b>4</b>
<b>An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí</b>	<b>5</b>
<b>Ár Ról</b>	<b>8</b>
<b>Ag Cur le n-ár Saineolas i dtaca le Roghnú</b>	<b>9</b>
<b>Ath-implonú</b>	<b>15</b>
<b>Inniúlachtaí Roghnaithe a Fhorbairt sa     tSeirbhís Phoiblí</b>	<b>16</b>
<b>Straitéisí Tacaíochta Inmheánacha</b>	<b>18</b>
<b>Aguisíní</b>	<b>23</b>

## Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm ar mo shon féin agus ar son mo Bhaill Foirne, Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS) don bhliain 2013 a chur i láthair.

Tá sé soiléir ón tuarascáil seo gur líon PAS a lán post éagsúla agus casta go rathúil do chliant sa tseirbhís phoiblí sa bhliain 2013. D'éirigh le PAS an stíl ar leith earcaíochta don tseirbhís phoiblí a choinneáil agus a dhéanamh go gairmiúil agus ar ardchaighdeán, a bhí cothrom agus neamhchlaonta, ina ndearnadh iarracht i gcónaí sár-sheirbhís a sholáthar do chustaiméirí ar shlí nuálaíoch a chinntíonn luach ar airgead.

Ionad acmhainní a chur ar fáil le seirbhísí comhroinnte is ea PAS agus le roinnt blianta spreag siad eagraíochtaí seirbhíse poiblí a shaineolas a úsáid mar thacaíocht dá bhfeachtais earcaíochta agus roghnaithe chun costas a shábháil don tseirbhís phoiblí. Lean na cliant seo ag úsáid na seirbhísí rud a léiríonn an tseirbhís ar ardchaighdeán a sholáthraíonn PAS.

Rinne PAS teagmháil le Coiste na gCeapachán Ardleibhéal chun cabhair a thabhairt maidir lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh i dtaca le hearcaíocht oscailte ag an leibhéal is sinsearaí sa Státseirbhís. Rinne PAS gach iarracht na hiarrthóirí is fearr a roghnú do phoist dá leithéid agus léiríonn aiseolas gur éirigh le PAS sa réimse seo.

Lean PAS ag bainistiú an phróisis ath-implonaithe don státseirbhís agus do Gníomhaireachtaí Neamh-Thráchtála Stáit agus chuir siad an próiseas i gcrích i gcomhar le Ranna/Oifigí agus gníomhaireachtaí stáit, agus bhí siad gníomhach maidir le feabhas a chur ar bheartas, seirbhísí agus ar chórais.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2013 maidir le tástáil ar líne agus le boird roghnaithe gan pháipéar, baineadh úsáid níos mó as teicneolaíocht mar thacaíocht do phróisis roghnaithe chun seirbhís níos fearr a sholáthar do chustaiméirí agus chun poist seirbhíse poiblí a chur ar fáil do níos mó daoine.

Rinneadh measúnú leanúnach ar chórais mheasúnaithe lena chinntiú go léiríonn siad go cruinn na riachtanais agus na dúshláin a bhaineann leis na folúntais gur gá dúinn a líonadh. In 2013 rinne PAS comparáid idir na modhanna seo i gcomparáid le hearcaithe móra seirbhíse poiblí ar bhun domhanda agus leasaigh siad an t-ábhar measúnaithe ar leith atá ar fáil do PAS.

Tá na baill foirne i PAS tiomanta, solúbtha agus meáite ar an obair agus dírithe ar an tseirbhís is fearr a chur ar fáil do chustaiméirí.

Ba mhaith liom ar son an Bhoird, obair an Phríomhfheidhmeannaigh, Iníon Fiona Tierney a aithint agus foireann na hoifige ar fad maidir le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí uile na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

An tUasal Eddie Sullivan  
Cathaoirleach

## Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Mhéadaigh an t-éileamh d'ár seirbhísí i 2013 agus d'oibrigh PAS go dian lena chinntiú go raibh muid in ann seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar do chliaint de chineálacha éagsúla sa tseirbhís phoiblí. In ainneoin teorainn i líon na mball foirne agus sa bhuiséad, sholáthair PAS réimse feachtais earcaíochta atá ag éirí níos casta.

Lean PAS ag cur seirbhísí earcaíochta agus roghnaithe ar fáil sa státseirbhís, san earnáil sláinte, earnáil na n-údarás áitiúil, an earnáil oideachais, an Garda Síochána, na Fórsaí Cosanta agus roinnt gníomhaireachtaí stáit. Phléigh PAS le leibhéal éagsúla i réimsí éagsúla lena n-áirítear poist riaracháin, poist d'ardfheidhmeannaigh, chomh maith le réimse leathan de phoist ghairmiúla agus theicniúla. Tugtar tuilleadh eolais faoi réimse agus scála na bhfeachtas a reáchtáil PAS in 2013, sa tuarascáil seo.

Maidir le ceapacháin i bpoist d'ardfheidhmeannaigh sa Státseirbhís, lean PAS ag obair i gcomhar leis an Choiste um Cheapacháin Ardleibhéal (TLAC), agus forbraíodh córas inmheánach cuardaigh d'fheidhmeannaigh chun cuidiú le hiarrthóirí atá cáilithe i gceart a lorg do cheapacháin shinsearach sa tSeirbhís Phoiblí ón réimse de dhaoine cumasacha san earnáil phríobháideach agus phoiblí.

Go pearsanta bhí an-áthas orm faoin mhéadú in úsáid na teicneolaíochta in 2013, lena n-áirítear an méadú i measúnú ar líne, agus an dul chun cinn maidir le boird roghnaithe gan pháipéar a cuireadh ar fáil. Mar chuid de seo méadaíodh an infheistíocht i dtionscnaimh chun próisis gnó a fheabhsú, chomh maith le hoiliúint chuí a sholáthar, agus cuireadh tús le tionscadail a chuirfidh an córas earcaíochta is éifeachtúla ar fáil agus a chuirfidh dearcadh 'gnó baraineach a fheabhsú' in aigne na mball foirne. Cinnteoidh na tionscnaimh seo go leanfaidh PAS ag soláthar ar éilimh na gcliant, éilimh atá ag méadú, chomh héifeachtúil agus is féidir agus ag an am céanna poist sa tseirbhís phoiblí a bheith ar fáil níos mó agus próiseas measúnaithe níos éasca agus níos éifeachtúla a chur ar fáil d'iarrthóirí.

Ba mhaith liom moladh speisialta a thabhairt d'ár mbaill foirne sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí as a ngairmiúlacht, a solúbthacht, as obair dhian agus as a ndíograis don eagraíocht i rith na bliana seo a chuaigh thart. Chomh maith le sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair agus don sár-thacaíocht a thug an Bord dom agus do m'Fhoireann Bhainistíochta faoi mhaoirseacht an Chathaoirligh, Eddie Sullivan. Tá súil agam a bheith ag obair i gcomhar leis an Bhord lena chinntiú go leanfaidh PAS ar aghaidh mar ionad earcaíochta éifeachtach comhroinnte don tseirbhís phoiblí.

Rinne daoine ó réimsí éagsúla agus mar ionadaithe ó earnálacha éagsúla, obair shuntasach in 2013 agus iad ag feidmiú mar bhaill ar Bhoird Agallaimh do PAS. Déanann roinnt mhór díobh seo an obair ar bhun deonach chomh maith lena n-obair laethúil agus ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a thabhairt dá dtiomantas agus dá ndíograis do mhisean agus do shainchúram na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Fiona Tierney  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



# **An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí**

## **Ár Misean**

**Lorgóidh PAS iarrthóirí ar ardchaighdeán do phoist sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí agus cuirfidh muid ar chumas sheirbhísigh phoiblí aistriú i rannóga agus idir rannóga de réir riachtanais na gcliant, rud a chinnteoidh go gcuirfear seirbhísí éigeantacha uile ar fáil ar shlí níos éifeachtaí agus níos cuí.**

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i mí Dheireadh Fómhair 2004 nuair a cuireadh críoch le hOifig Choimisinéirí na Státseirbhíse agus na gCheapachán Áitiúil tríd an Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

Soláthraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí seirbhísí earcaíochta comhroinnte don Státseirbhís, Údaráis Áitiúla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Garda Síochána agus comhlachtaí poiblí eile.

# Baill an Bhoird

- **An tUasal Eddie Sullivan**, Cathaoirleach, Iar Ard-Rúnaí, Bainistíocht agus Forbairt na Seirbhíse Poiblí, An Roinn Airgeadais
- **Iníon Fiona Tierney**, Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí
- **An tUasal William Beusang**, Rúnaí Cúnta, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- **Iníon Deirdre O' Keffe**, Rúnaí Cúnta – An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- **An tUasal John Mc Carthy**, Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil
- **An tUasal Barry O'Brien**, Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- **An tUasal Dan Murphy**, Iar-Ard-Rúnaí, Cumann Fheidhmeannaigh na Seirbhíse Poiblí
- **An Dr. Eddie Molloy**, Comhairleoir AD
- **Iníon Judith Eve**, Iar-Chathaoirleach Choimisinéirí na Státseirbhíse, Tuaisceart Éireann

# An Coiste Comhairleach Bainistíochta

- **Iníon Fiona Tierney,**  
Príomhfheidhmeannach
- **Iníon Mary Flynn,**  
Ceannasaí ar Earcaíocht Ollmhór
- **Iníon Áine Gray**  
Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe
- **An tUasal Pádraig Love**  
Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha
- **An tUasal Niall Leavy**  
Ceannasaí ar Thionscadail Straitéiseacha
- **Iníon Margaret McCabe**  
Ceannasaí Earcaíochta agus Roghnaithe



# Ár Ról

Ionad acmhainní a chur ar fáil do sheirbhísí comhroinnte is ea an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) agus oibríonn siad le Ranna/Oifigí Rialtais, Gníomhaireachtaí, Údaráis Áitiúla agus FnaSS chun seirbhísí earcaíochta a chur ar fáil le linn dóibh foireann a fhorbairt chun déileáil le riachtanais reatha agus amach anseo sa tseirbhís phoiblí.

## Ár gCaighdeán

Tá PAS dírithe ar na hiarrthóirí is fearr is féidir a cheapadh a earcú do gach post atá le líonadh. Déanann an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí maoirseacht ar ár ngníomhaíochtaí agus tá ár gcuid oibre ar fad bunaithe ar phrionsabail earcaíochta na seirbhíse poiblí:

- Ionracas
- Ceapacháin de réir fiúntais
- Próiseas earcaíochta de réir dea-chleachtas
- Próiseas earcaíochta atá cothrom a chuirtear i bhfeidhm go seasmhach
- Ceapacháin atá déanta go hoscailte, go freagrach agus go trédhearcach

## Ár Spriocanna

**Sprioc 1:** Ag Cur le n-ár Saineolas i dtaca le Roghnú

**Sprioc 2:** Ath-implonnú

**Sprioc 3:** Inniúlacht Roghnaithe a Fhorbairt sa tSeirbhís Phoiblí



## Sprioc 1: Ag Cur le n-ár Saineolas i dtaca le Roghnú

Tá oidhreacht láidir ag an tseirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le hearcaíocht agus roghnú neamhspleách poiblí atá bunaithe ar chumas agus tá muintín ag ár gcliaint ionainn na hiarratasóirí is fearr a roghnú d'fholúntais sa tseirbhís poiblí. Cuirimid seirbhís ghairmiúil ar fáil do chliaint éagsúla agus comhlíonann ár bpróisis Cóid Chleachtais Choimisiúin na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí go hiomlán go cruinn agus go hiomlán.

Tá PAS freagrach as riachtanais earcaíochta a sholáthar don Státseirbhís, don Gharda Síochána agus do phoist shinsearach sa tseirbhís sláinte, Údaráis Áitiúla, Údaráis Cuanta, Boird Iascaigh agus Boird Oideachais agus Oiliúna.

Ó cuireadh bac ar earcaíochta sa tseirbhís poiblí in 2009, dhírigh PAS arís ar a ghníomhaíochtaí agus mhéadaigh sé go mór réimse na seirbhísí a sholáthraítear agus cuireadh na seirbhísí sin ar fáil do níos mó eagraíochtaí sa tseirbhís poiblí. Lárionad acmhainní seirbhísí comhroinnte is ea PAS agus dá réir sin bhí PAS gníomhach maidir leis an chlár seirbhísí earcaíochta comhroinnte a chur chun cinn agus rinneadh teagmháil le réimse mór eagraíochtaí seirbhíse poiblí chun iad a mhealladh chun anaineolas atá ar fáil a úsáid, chun tacaíocht a thabhairt dá gcuid

riachtanas agus costas a shábháil.

Cuirimid na seirbhísí seo ar fáil, seirbhísí earcaíochta agus roghnaithe iomlána nó i bpáirt; anailís poist a dhéanamh; seirbhísí tástálacha a sholáthar; ár gcóras fógraíochta agus iarratais ar líne ([www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie)) a thairiscint. Tá líon agus réimse na seirbhísí a soláthraíodh do líon mór comhlachtaí seirbhíse poiblí sa bhliain 2013 ar fáil sa Tuarascáil seo.

## Feachtais Earcaíochta

Baineann an chuid is mó d'obair PAS le feachtais earcaíochta a réachtáil chun folúntais a líonadh sa tseirbhís poiblí (poist a ceadaíodh le líonadh). San áireamh tá poist speisialtacha a tharlaíonn uair amháin chomh maith le feachtais mhóra chun folúntais a líonadh in eagraíocht amháin nó níos mó.

Eagraítear cruinnithe le cliaint mhóra agus nua chun na próisis earcaíochta a mhíniú agus chun plean feachtais a chomhaontú maidir le gach feachtas.

Mar chuid den phróiseas seo, roghnaítear na modhanna measúnaithe cuí agus cuirtear in oiriúint iad go háirithe do gach feachtas ar leith. Leanann PAS le hearcaíocht dhírithé lena

chinntiú go mbeidh foireann oibre cumasach sa tseirbhís phoiblí a bheidh in ann torthaí a bhaint amach do shaoránaigh na hÉireann.

### Feachtais d'Ardfheidhmeannaigh

Oibreoidh PAS i gcomhar le Coiste na gCeapachán Ardleibhéil (TLAC) maidir le ceapacháin do phoist mar ardfheidhmeannaigh sa Státseirbhís. Forbraíodh córas inmheánach cuardaigh d'fheidhmeannaigh chun cuidiú le hiarrthóirí atá cáilithe i gceart a lorg do cheapacháin shinsearacha sa tSeirbhís Phoiblí ón réimse de dhaoine cumasacha san earnáil phríobháideach agus phoiblí. Úsáideadh Cuardach Feidhmeannach i 44 feachtas sa bhliain 2013, agus mar thoradh ar sin chuir líon níos mó iarrthóirí ar ardchaighdeán isteach ar phoist shinsearacha. Oibríonn PAS i gcomhar le gníomhaireachtaí seachtracha más gá.

Maidir le poist ar aon leibhéal le Rúnaí Cúnta agus Ard-Rúnaí, ceapadh feachtas do Roghnú agus Cuardach Feidhmeannach nuair a bhí gá leis. Ina dhiaidh sin bíonn próiseas gearrliostaithe, réamh-agallaimh agus modhanna measúnaithe eile chun na hiarrthóirí is fearr a d'fhéadfaí a cheapadh a roghnú. Tugann PAS eolas do TLAC ansin faoi na hiarrthóirí seo agus déanann TLAC an t-agallamh deiridh. Thosaigh feachtais earcaíochta in 2013 chun seacht bpost déag dá leithéid a líonadh (sonraí in Aguisín 2).

Leagan amach de Cheapacháin TLAC in 2013 TLAC Ceapacháin	Ón Státseirbhís	Ón tSeirbhís Phoiblí	Ón Earnáil Phríobháideach
21	16	2	3
<b>Ceapacháin ina raibh an ceapaí ón earnáil phríobháideach nó phoiblí</b>	<b>Ceapacháin ina raibh an ceapaí ón státseirbhís</b>		
24%	76%		

Reáchtáil PAS próisis earcaíochta iomlána do 19 bpost speisialaithe mar fheidhmeannaigh shinsearacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne in 2013. Go ginearálta feachtais fhada ina raibh trí staid sa phróiseas measúnaithe a bhí i gceist, lena chinntiú gur mheall na feachtais seo an líon is mó iarratasóirí agus go raibh na scileanna agus an taithí chuí ag an té a ceapadh don ról ag an leibhéal cuí. (Sonraí ar fáil in *Aguisín 2*).

### Feachtais do Speisialtóirí / Bainistíocht

In 2013 chuir PAS tús le próisis earcaíochta do líon post speisialtacha sa státseirbhís, roinnt mhaith acu dírithe ar an chlár chun feabhais sa Roinn nó Oifig fostaithe a chur chun cinn. Reáchtáladh 12 feachtas dá leithéid in 2013 (Sonraí in *Aguisín 2*).

### Feachtais do Phoist Ghairmiúla/Theicniúla/Riaracháin sa Státseirbhís/Gníomhaireachtaí

Rinne PAS bainistíocht ar feachtais earcaíochta éagsúla ghairmiúla, theicniúla agus riaracháin do roinnt Ranna/Oifigí Rialtais agus Gníomhaireachtaí in 2013 ina raibh próisis mhóra earcaíochta agus i gcásanna eile roghnaíodh iarratasóirí a bhí cáilithe go gairmiúil.

Cuireadh tús le feachtais in 2013 chun 36 post speisialtacha a líonadh (liosta ar fáil in *Aguisín 2*).

### Feachtais d'Údaráis Áitiúla

Reáchtáil PAS feachtais éagsúla sinsearacha d'Údaráis Áitiúla éagsúla. Cuireadh tús leis na feachtais seo in 2013:

- Bainisteoir Chathair Bhaile Átha Cliath
- Bainisteoir Cathrach na Gaillimhe
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire / Ráth an Dúin
- Bainisteoir Contae Fhine Gall
- Bainisteoir Contae Mhuineacháin
- Bainisteoir Contae Shligigh
- Bainisteoir Contae na hIarmhí
- Bainisteoir Contae Lú
- Bainisteoir Contae Loch Garman

- Bainisteoir Contae Liatroma
- Bainisteoir Contae Chorcaí
- Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta, Comhairle Cathrach Loch Garman
- Díodóir Ardfheidhmiúcháin, Comhairle Contae na Gaillimhe
- Cigire Tréidliachta, Comhairle Contae Chorcaí
- Innealtóir an Chontae, Comhairle Contae Chorcaí
- Feidhmeannach Sinsearach do Chórais Iompair Chliste, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Príomhoifigeach um Leas Tithíochta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Leas-Phríomhoifigeach Dóiteáin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (x2)
- Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Oifigeach Sinsearach Eolaíochta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Príomh-shuirbhéir Cainníochta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Tiobraid Árann Theas.
- Ceann an Airgeadais, Comhairle Contae Chill Chainnigh.
- Ceannasaí ar Chórais Eolais – Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin, Comhairle Contae na Gaillimhe



## Feachtais FnaSS

Lean muid den phróiseas earcaíochta do Chomhairligh Ospidéal, cuireadh tús le **60** feachtas do speisialtachtaí agus ionaid éagsúla in 2013 agus shábháil PAS roinnt mhaith costais d’FnaSS. Chuir muid tús le feachtais earcaíochta chun poist speisialtachta shinsearacha eile a líonadh d’FnaSS lena n-áirítear:

- Iniúchadh Inmheánach do Thionscadail speisialta agus Iniúchtaí de Ghrád VII agus VIII
- Iniúchadh Inmheánach TE Grád VII agus VIII
- Iniúchadh Inmheánach ar Oibríochtaí Grád IV, V agus VI
- Oifigeach Sinsearach Leighis Ceantair
- Príomh-Chógaiseoir II, An Cabhán/Muineachán
- Stiúrthóir Altranais, Naomh Fionnán, Acaill
- Lia Fiaclóireachta Ginearálta



## Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí Eile

Mar thacaíocht do chomhlachtaí seirbhíse poiblí, thug PAS sainchomhairle agus cuidiú le hearcaíocht agus roghnú speisialtachta lena n-áirítear an próiseas earcaíochta agus roghnaithe ar fad a reáchtáil do roinnt comhlachtaí seirbhíse poiblí. Feachtais a thosaigh in 2013:

- Ceannasaí ar Sheirbhísí Leasa Oideachais, Gníomhaireacht do Leanaí agus do theaghlaigh
- Príomhoifigeach Oibríochtaí, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh
- Ceannasaí Rannóige, Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha, Údarás Fuinnimh Inmharthana Éireann
- Bainisteoir an Aonaid Iniúchta, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Feidhmeannach Cláir, Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha, Údarás Fuinnimh Inmharthana Éireann
- Painéal de Chathaoirligh (Díodóir/Abhcóide), An Binse Sláinte Mheabhrach
- Painéal de Bhaill Thuata, An Binse Sláinte Mheabhrach
- Painéil de Shíciatraithe Comhairleacha, An Binse Sláinte Mheabhrach agus do Scrúduithe Leighis Neamhspleácha
- Bainisteoir Taighde, An tÚdarás um Sláinte ar Bhóithre
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Sealadach, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Ceannasaí ar Mhaoirseacht Rialála agus Monatóireachta, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ciste Reachtúil na nInstitiúidí Cónaithe
- Stiúrthóir Feidhmiúcháin, The Green Way
- Stiúrthóir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- Sirriam Contae Bhaile Átha Cliath
- Stiúrthóir Airgeadais, Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin
- Bainisteoir um Dheontais a Phróiseáil, Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn

- Ombudsman Cúnta um Sheirbhísí Airgeadais
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bealaí Uisce Éireann
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontar Éireann
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Loughs Agency
- Stiúrthóir den Chlárann Náisiúnta Ailse
- Oibrí Cáis, Caranua
- Ceannasaí Cumarsáide agus Rannpháirtíochta, Caranua
- Athbhreithnitheoir Seachtrach, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- Bainisteoir Roinne, An tÚdarás Iomaíochta
- Comhairleoir Díl, An tÚdarás Iomaíochta

### Ceapacháin Shealadacha

I mí Mheán Fómhair 2013, b'éigean POF a cheapadh d'Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre taobh istigh d'am gairid. Chun nach bhfágfaí an post seo folamh a fhad is a bhí duine á lorg le ceapadh go buan, iarradh ar PAS cuidiú maidir le POF Sealadach a lorg.

Thug PAS freagra láithreach ar an iarratas seo, agus d'oibrigh siad i gcomhar le soláthraithe seirbhíse chun roinnt iarrthóirí fóirsteanacha a shainiúint.

Cuir PAS painéal roghnaithe le chéile chun gearrliosta agus agallamh a chur ar líon beag iarrthóirí ar ardchaighdeán agus tairgeadh an post do dhuine acu agus ghlac sé leis an tairiscint. Tugadh conradh don iarrthóir ar bhun sealadach agus stiúir sé an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre go rathúil ar feadh na tréimhse a fhad is a bhí an post buan á líonadh.

Comhlíonadh an tionscadal chun POF sealadach a líonadh go gasta chun riachtanais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre a chomhlíonadh agus n raibh ach trí seachtaine idir an am a rinneadh an t-iarratas tosaigh agus conradh a eisiúint.



Working To Save Lives  
 Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre  
 Road Safety Authority

### Seirbhísí Tástála

Mar go raibh líon mór iarratasóirí do phoist áirithe, úsáidtear réimse tástálacha i bhfeachtais earcaíochta agus roghnaithe áirithe chun iarrthóirí a cháiliú ag íos-leibhéal agus chun ord fiúntais a thabhairt dá n-iarratais. Cuireann PAS seirbhís ar leith ar fáil maidir le tástálacha móra dá leithéid a cheapadh, a bhainistiú, a chur i bhfeidhm agus a mharcáil agus tá na modhanna earcaíochta a úsáidtear cothrom, oscailte, bunaithe ar fhiúntas agus sofheicthe.

Le linn 2013, lean PAS dá threo straitéiseach maidir le tástáil ar líne a chur i bhfeidhm. Nuair a úsáidtear trialacha ar líne déantar na feachtais níos tapúla agus tá costas suntasach i gceist.

Cuidíonn sé anois le hiarrthóirí atá in ann an tástáil a dhéanamh ina n-am féin agus in ionad dá rogha féin. Chuir PAS seirbhísí tástála ar fáil do chomhlachtaí seirbhíse poiblí eile in 2013 lena n-áirítear:

- Altraí Lán-fhásta
- Oibrí Dóiteáin, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
- Rialtóir Seirbhísí Éigeandála, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Riarthóir Leighis Éigeandála, FnaSS
- Mac Léinn Parailighis, FnaSS
- Moltóirí agus Idirghabhálaithe do Bhord na dTíonóntaí Cónaithe Príobháideacha
- Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Príomhoifigeach feidhmiúcháin sa Roinn Coimirce Sóisialaí
- Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Maoirseoir Ceantair sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Ardoifigeach Riaracháin in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim



## Tionscadail

Reáchtáil PAS roinnt tionscadal do chomhlachtaí seirbhíse poiblí eile, rud a shábháil a lán airgid don chomhlacht seirbhíse poiblí i gceist.

Nuair a cuireadh inniúlachtaí a bhaineann le gráid ar leith na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí san áireamh sa phróiseas CBFF ó Oifigeach Seirbhíse go Príomhoifigeach, rinneadh obair shuntasach ar na hinniúlachtaí do Rúnaí Cúnta. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear Rúnaithe Cúnta, Ard-Rúnaithe agus páirtithe leasmhara tábhachtacha inmheánach agus seachtracha ón tSeirbhís Phoiblí. Cuireadh na hinniúlachtaí nua i bhfeidhm le linn eachtra de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí ar an 11 Deireadh Fómhair 2013, agus anois tá siad mar chuid den phróiseas earcaíochta do phoist ag an leibhéal seo.

## Pas páirteach le próisis do Cheapacháin chuig Boird Stáit

Tá suim á chothú i Ranna Rialtais chun modh níos sofheicthe a fhorbairt chun folúntais ar bhoird stáit a líonadh. Tá éileamh dár seirbhísí ag méadú lena chinntiú go bhfuil próiseas oscailte agus critéir shoiléire i bhfeidhm le ceapacháin dá leithéid.

Cé nach bhfuil freagracht ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, maidir le ceapacháin chuig Boird Stáit, déantar an próiseas áfach de réir spiorad na gcód cleachtais a bhunaigh na Coimisinéirí um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Tá na próisis a bhfuil baint ag PAS leo go dtí seo in oiriúint go háirithe do gach folúntas, Gníomhaireacht agus Roinn/Oifig ar leith. Chuidigh PAS le 18 iarratas ar chuidiú le ceapacháin ar Bhoird Stáit a scagadh.

Go dtí seo chuidigh muid leis an scagadh tosaigh ar iarratais agus chuidigh muid le gearrliostú na n-iarratas de réir chritéir a comhaontaíodh. I gcásanna áirithe is féidir go

mbeidh gá le próiseas iarratais. Ar deireadh, tugtar gearrliosta d'iarratasóirí atá cáilithe don Aire cuí. Tagann cinntí faoi cheapacháin faoi chúram an Aire agus níl ceapacháin teoranta dóibh siúd a dhéanann iarratas trí [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie).

*Thug PAS tacaíocht i gcás 18 iarratas le ceapacháin ar Bhoird Stáit tríd an próiseas iarratais.*

## Feabhsú an Chórais Gnó agus Deimhniú Cáilíochta

### Athbhreithniú agus Leasú ar Chórais agus ar Mhodhanna Measúnaithe

Tá clár leanúnach athbhreithnithe ar siúl ag PAS ar ár gcórais measúnaithe lena chinntiú go léiríonn siad go cruinn na riachtanais/ na dúshláin a bhaineann leis na poist atá le líonadh ag PAS. Déanaimid comparáid ar bhun leanúnach idir na modhanna seo agus comhlachtaí earcaíochta móra seirbhíse poiblí ar fud an domhain.

In 2013, leasaigh muid réimse na n-ábhar measúnaithe ar leith atá ar fáil, a úsáidfidh PAS chun go gcoinneofar costas éifeachtach agus solúbthacht ar ár réitigh measúnaithe agus socrúcháin.

### Athbhreithniú ar Chleachtas agus ar Threochtaí in Earcaíocht Shinsearach

In 2013, rinneadh athbhreithniú ar na cleachtais agus na treochtaí in earcaíocht ag an ardleibhéal sa státseirbhís i ndlínsí éagsúla agus díriodh go háirithe ar fhorbairtí i Státseirbhís na Breataine.

Is cosúil go bhfuil na ceisteanna agus dúshláin chéanna nach mór in Éirinn agus sa Bhreatain maidir le daoine a mhealladh, iarrthóirí a bhainistiú, brú ó bhuiséad srl agus tríd agus tríd d'éirigh go maith le PAS sa chomparáid le modhanna agus próisis PAS.

### ***Athbhreithniú / Feabhsú ar Phróisis Gnó***

Chomhlíon dhá bhall déag de chuid PAS oiliúint Lean Six Sigma in 2013 agus bronnadh gradam “Green Belt” orthu nuair a chríochnaigh siad. Tugadh bronnadh do roinnt den fhoireann bhainistíochta as na tionscadail um ghnó a leasú atá ar siúl mar chuid den oiliúint, críochnófar na tionscadail seo i gciann cúpla mí agus coinneoidh an fhoireann bhainistíochta súil

orthu lena chinntiú go gcuirtear iad agus na hathruithe i bhfeidhm.

### ***Aiseolas d’ár Seirbhísí***

Mar chuid den phróiseas leanúnach chun feabhais, fuarthas aiseolas ó gach grúpa custaiméirí in 2013. Rinneadh suirbhéanna ar líne ar iarrthóirí, ar chliaint agus ar bhaill na mbord agallaimh agus forbraíodh plean gníomhaíochta chun déileáil le haon cheist a tháinig chun cinn.



## Spríoc 2: Ath-implonú

Tá beartas an Rialtais dírithe ar acmhainní seirbhíse poiblí a ath-eagrú chun díriú ar na réimsí is mó gá. Bainistíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas seo don Státseirbhís agus do Ghníomhaireachtaí Neamh-thráchtála Stáit. Chuidigh PAS leis an phróiseas seo trí oibriú i gcomhar le Ranna/Oifigí agus gníomhaireachtaí stáit agus trí fheabhas a chur go gníomhach le beartas, seirbhísí agus córais.

Lean PAS ar aghaidh maidir leis an phróiseas seo a éascú agus a sholáthar in 2013. Bhí teagmháil agus tacaíocht le Ranna / Oifigí / Comhlachtaí Neamh-thráchtála Stáit i gceist sa phróiseas.

Cuireadh acmhainní ar fáil chun cabhrú le Ranna/Oifigí agus gníomhaireachtaí stáit maidir le fostaithe barrachais a chur i bpoist. Chun sin a dhéanamh bhí sé riachtanach dul i dteagmháil le heagraíochtaí agus seisiúin eolais a chur ar fáil chun plé a chur ar siúl idir gníomhaireachtaí.

D'oibrigh os cionn 100 eagraíocht sa tseirbhís poiblí linn sa chlár seo.

Chuidigh PAS le próiseas acmhainní a chur in oiriúint do riachtanais ar leith na gcliant, agus sa tslí seo d'éascaigh PAS roinnt tionscnamh atá leagtha amach sa Chlár Rialtais lena n-áirítear Peoplepoint (Seirbhís Comhroinnte AD na Státseirbhíse), an tSeirbhís Airgeadais Chomhroinnte agus Seirbhís Dóchmhainneachta na hÉireann.

Ceapadh Uirlisí nua agus tá sé ar fáil anois ar [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie) ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ar leathanach gréasán AD nua na seirbhíse poiblí. Cruthaíodh cur chuige féin-seirbhíse atá in oiriúint don phróiseas ainmnithe a bhí beartaithe faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Leasaithe) 2013. Tá ár leathanach 'Moodle' ar an suíomh ann chun cabhrú le

cumarsáid le agus idir Oifigigh Teagmhála Ath-Implonnaithe san earnáil poiblí i gcoitinne. Táthar ag súil go spreagfaidh seo socruithe maidir le hathimplonú díreach idir eagraíochtaí de réir mar atá sna hUirlisí nua.

Trí theagmháil idir eagraíochtaí, chuidigh PAS le hath-eagrú suntasach eagraíochta chun dul in oiriúint do riachtanais na seirbhísí poiblí agus cuireadh 723 ball foirne i bpoist i ngach earnáil roimh dheireadh 2013.

*Chuidigh PAS le hath-eagrú suntasach eagraíochta chun dul in oiriúint do riachtanais na seirbhísí poiblí agus cuireadh 723 ball foirne i bpoist i ngach earnáil roimh dheireadh 2013.*



### Spríoc 3: Inniúlacht Roghnaithe a Fhorbairt sa tSeirbhís Phoiblí

Aithníonn PAS go mbeidh ról ar leith ag an tSeirbhís Phoiblí maidir le spríocanna eacnamaíocha agus sóisialta an Rialtais a bhaint amach. Beidh sé riachtanach daoine cumasacha a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu a bheith ag obair ag gach leibhéal chun go n-éireoidh leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí spríocanna an phlean téarnaimh a bhaint amach. Tá PAS ag comhlíonadh a bpríomh-thosaíochtaí sa Chlár Rialtais in ainneoin na dteorainneacha airgid agus an tionchar atá ag easpa scileanna ar chúrsaí.

Tugann PAS tacaíocht ghairmiúil d'eagraíochtaí a dhéanann a bhfeachtais earcaíochta, roghnaithe agus cur chun cinn féin faoin gceadúnas féin.

#### **Comhairle agus Tacaíocht do Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí**

Tá sé mar aidhm againn scileanna agus saineolas measúnaithe agus roghnaithe a chur i bhfeidhm san earnáil poiblí chun caighdeán agus oiriúnacht na ndaoine a ath-implonáítear go himheánach nó a earcaítear a fheabhsú.

Tugadh comhairle agus/nó eolas do na cliant seo i réimsí ar nós treoir faoi agallaimh, pleanáil don fhórsa oibre, inniúlachtaí a fhorbairt, cur chun cinn inmheánach, earcaíocht agus roghnú, cabhair a thabhairt, agus ceapacháin chuig Boird Stáit:

- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
- Roinn na bPost, Fiontar agus Nuálaíochta
- FnaSS
- HIQA
- An tÚdarás Ardoideachais
- Coláiste Ollscoile Chorcaigh
- Bord Altranais agus Cnáimhseachais
- Na Fórsaí Cosanta

Spreagadh cliant úsáid a bhaint as [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie) ina bhfeachtais earcaíochta ar fad fiú amháin

nuair nach raibh PAS páirteach sa phróiseas; baintear sábháil amach don Státchiste má úsáidtear an tseirbhís shaor in aisce seo. Cuireadh 1,165 fógra dá leithéid ar [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie) in 2013. Cuirtear áiseanna ar fáil do chomhlachtaí seirbhíse poiblí chun airgead a shábháil dóibh. Bhain FnaSS, An Binse Comhionannais, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, An Garda Síochána agus ranna/oifigí eile úsáid as ár n-áiseanna agallaimh/cruinnithe in 2013 (cuireadh 742 seomra ar fáil in 2013).



#### **Oiliúint do Chathaoirligh a d'fhéadfadh a bheith ina gCathaoirligh ar Bhoird Roghnaithe agus d'Ionadaithe PAS**

Faigheann PAS daoine nua go rialta a d'fhéadfadh gníomhú mar chathaoirligh ar bhoird roghnaithe agus cinntíonn siad go bhfuil na daoine sin oilte i gceart don ról. Tugtar eolas soiléir faoin ról agus faoi fhreagrachtaí an Chathaoirligh, chomh maith le heolas faoi ról Ionadaí PAS agus athbhreithniú faoin Chód Cleachtas faoina ndéantar earcaíocht. Cuireadh seisiún oiliúna ar fáil do PAS.

Bíonn Ionadaí PAS i láthair ar gach bord roghnaithe lena chinntiú go gcomhlíontar an próiseas de réir Chóid Cleachtas an CCSP agus pholasaithe PAS maidir le cothrom na féinne do chách agus próiseas measúnaithe trédhearcach (a chinntíonn go gcomhlíontar rúndacht na n-iarrthóirí).

## Forbairtí a Bhain leis an AR

### Cruinnithe Líonraithe EPSO



Ón bhliain 2003 chuir oifig Roghnaithe Pearsanra na hEorpa (EPSO) [www.eu-careers.eu](http://www.eu-careers.eu) seirbhís roghnaithe lárnach ar fáil d'Institiúidí an AE. Bunaíodh Gréasán EPSO chun fóram a bheith ar fáil chun déileáil le fadhbanna earcaíochta/roghnaithe sa tseirbhís phoiblí, chomh maith le réitigh agus dea-chleachtas sna 27 Ballstát. Roinntear eolas trí shuíomhanna gréasáin agus trí ríomhphost. Chomh maith le sin, is féidir le EPSO go mbuailfeadh an Gréasán le chéile dhá uair sa bhliain (Márta agus Meán Fómhair) thar dhá lá in ar féidir plé le ceisteanna coitianta trí chur i láthair agus trí phlé. Tá an nós ann anois go réachtálann an tír a bhfuil an tUachtaránacht acu cruinnithe líonraithe EPSO. Tá an buntáiste ann gur féidir leis an tír i gceist an cruinniú a dhíriú ar cheisteanna/ábhar spéise a bhaineann go háirithe leo féin. Chomh maith le sin tá deis ann gnéithe cultúrtha/turasóireachta a thaispeáint don lucht éisteachta atá ag déanamh ionadaíochta do Bhaill Stáit eile.

De réir an chleachtais seo, bhí PAS i gceannas ar an Ghréasán ar an Déardaoin 14 agus an Aoine 15 Márta 2013.

Bhí 55 toscaire i láthair ag an seisiún. Ar an Chlár a mhair dhá lá, bhí roinnt ceisteanna a bhaineann le hAD maidir le hearcaíocht, tallann agus réitigh measúnaithe TE. Tugadh éisteacht mhair do na cur i láthair agus cuireadh ceisteanna úsáideacha agus tharla díospóireacht ina ndiaidh. D'éirigh go maith freisin le deiseanna do líonrú.

### Poist AE

Chuidigh PAS le hiarrthóirí Éireannacha a chuaigh ar aghaidh chuig staid an Ionaid Mheasúnaithe den phróiseas earcaíochta do Phoist Riaracháin sa Choimisiún Eorpach. Bhí cruinniú ar siúl i mBaile Átha Cliath faoi leagan amach an chomórtais agus tugadh comhairle agus treoir faoin Ionad Measúnaithe a ullmhú.

## Straitéisí Tacaíochta Inmheánacha

### (i) Dea-chleachtas na nAcmhainní Daonna agus Tacaíocht do gach Ball Foirne

Tá PAS ag brath ar ár n-daoine ag gach leibhéal den eagraíocht chun spriocanna ár Ráiteas Straitéise a sholáthar. Cuireann PAS gairmiúlacht, nuálaíocht, solúbthacht agus rannpháirtíocht chun cinn agus cuirtear béim ar mheas agus éagsúlacht.

#### Comhpháirtíocht

Tarlaíonn an cur chuige maidir le hathruithe, cinní a dhéanamh, tiomantas an fhostaí agus cumarsáid san Oifig trí Chomhpháirtíocht. Rinneadh athbhreithniú ar bhallaíocht na Comhpháirtíochta le linn na bliana lena chinntiú go raibh ionadaíocht ann do gach réimse, agus thóg roinnt ball nua ballraíocht dá bharr. Lena chinntiú go bhfeidhmeoidh an Comhpháirtíocht go héifeachtach ar bhun leanúnach, aontaíodh ar Phlean Gníomhaíochta Comhpháirtíochta agus cuireadh i bhfeidhm é i rith na bliana. Tá Comhpháirtíocht páirteach i dtionscnaimh chun caighdeán agus próisis gnó a fheabhsú. Thug ár bhfoireann sár-sheirbhís d'ár gcliainnt agus d'iarratasóirí i rith na bliana, ghlac said páirt iomlán i dtionscnaimh nua agus bíonn siad solúbtha agus gairmiúil i gcónaí.

#### Bainistíocht Feidhmíochta

Tugann PAS spriocanna agus freagrachtaí soiléire do gach duine san Oifig maidir le seirbhísí earcaíochta agus acmhainní a sholáthar don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí. Tugtar eolas do gach ball foirne faoi n-ár straitéis, agus tugtar ár

n-aidhmeanna agus ár spriocanna do chách trí chreat oibre na Bainistíochta Feidhmíochta. Déantar feidhmíocht an duine aonair a thomhas gach bliain agus tugtar faoi fheidhmíocht atá lag.

Rinne an Bainisteoir AD athbhreithniú ar conas a chuirtear an córas PMDS i bhfeidhm I ngach réimse agus fuarthas amach go raibh sé seasmhach ina iomláine agus sna haonaid ar fad.

#### Pleanáil don Fhórsa Oibre

Forbraíodh Pleanáil don Fhórsa Oibre in 2013. Cuireadh an Phleanáil i bhfeidhm lena n-áirítear:

- Poist thábhachtacha a líonadh trí ath-implonadh
- Cuireadh tús le Lean Six Sigma Training chun cabhrú le n-ár bpróiseas athbhreithnithe agus le n-ár gclár feabhsaithe um phróiseas gnó.
- Idirghabhálacha ar leith d'Fhoghlaim agus d'Fhorbairt.

#### Oiliúint agus Forbairt

Lean PAS le hoiliúint a chur ar fáil de réir theorainneacha acmhainní, rud a d'fhorbair saineolas na mball foirne agus forbairt leanúnach ghairmiúil trí chúrsaí agus trí thionscnaimh éagsúla, go himmheánach agus go seachtrach. Mhol an Comhpháirtíocht an Plean Foghlama agus Forbartha don eagraíocht.

## Clár Folláine

Is cuid de pholasaí na hoifige cur, más féidir, le caighdeán saoil na mball foirne agus dá réir sin, chomhlíon muid Clár Folláine eile in 2013.

## Suirbhé ar Dhearcadh na Foirne

Bhí toradh an-dearfach ar an Suirbhé ar Dhearcadh na Foirne. Reáchtáladh ceardlann le foghrúpa den Choiste Comhpháirtíochta agus forbraíodh Plean Gníomhaíochta chun déileáil le ceisteanna a tháinig as an suirbhé.

## Leibhéal Foirne

*Faoi dheireadh 2013, laghdaíodh líon na mball foirne go dtí 87 de réir ár gCreat Rialaithe Fostaíochta. Chun seo a dhéanamh, níor líonadh folúntais agus cuireadh baill foirne ar iasacht ar bhun sealadach agus ath-implonnaíodh baill foirne chuig eagraíochtaí eile sa tseirbhís phoiblí.*

Thug PAS baill foirne ar iasacht d'lonad Seirbhísí Comhroinnte AD chun cabhrú leis an tionscadal seo a sholáthar agus chun an fhoghlaim a thabhairt ar ais chuig an tseirbhís earcaíochta chomhroinnte seo.

## Feabhas Trí Dhaoine



Ghnóthaigh PAS Teastas Platinum ETP roimhe seo le FÁS. Tharla an chéad mheasúnú faoin Scéim NSAI leasaithe i mí Mheán Fómhair. Bhí an Measúnóir ar an láthair ar feadh dhá lá agus d'fhéach sé ar fhianaise scríofa maidir leis an chaighdeán nua a chomhlíonadh agus labhair sé le baill foirne áirithe san oifig. Mhol an Measúnóir teastas a bhronnadh ar PAS agus rinneadh sin ar an 12 Samhain 2013.

## (ii) Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide

Aithníonn PAS an tábhacht ar leith a bhaineann le Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide maidir le seirbhísí a fhorbairt agus a chothabháil agus a thabharfaidh tacaíocht agus a chuirfidh an t-éileamh gnó reatha agus atá ag teacht, chun cinn.

Tugann an Straitéis TEC tacaíocht don eagraíocht maidir lena phríomh-ghnó a dhéanamh. Cinntíonn sé go bhfuil an beartas, na teicneolaíochtaí, na córais agus na próisis chuí ag na baill foirne chun an gnó a dhéanamh go héifeachtúil agus go héifeachtach agus ag an am céanna na sonraí íogair a chosaint agus iad á bpróiseáil.

### Forbairt an Chórais Earcaíochta

Is é an córas STAR is mó a stiúran an próiseas earcaíochta san eagraíocht. Leasaítear an fheidhm ar bhun leanúnach. Cuireadh roinnt leasaithe móra i bhfeidhm in 2013 mar thacaíocht sa bhreis do phróisis gnó PAS. Rinneadh athruithe chun a bheith in oiriúint don Chóras Íocaíochta Airgeadais, rud a chuir próiseas uathoibríoch sa bhreis i bhfeidhm do phróiseas íocaíochta do Bhaill na mBord. Leasaíodh é a thuilleadh mar thacaíocht sa bhreis d'earcaíocht d'FnaSS agus do DNCO agus le húsáid i bhfeachtais atá teoranta do sheirbhísigh poiblí.

### Feabhsú agus Torthaí Ginearálta TE

Díríodh ar sheirbhísí a sholáthar go leictreonach agus chríoch a chur le páipéar i bpróisis in 2013.

Rinneadh tionscadal píolóta sa chéad cheathrú de 2013 le haistriú ó iarratais ar pháipéar agus ó dhoiciméid bhreise ag agallaimh agus Tablet PCs a úsáid ina n-ionad. D'éirigh leis an tionscadal sin agus

tá sé i bhfeidhm d'agallaimh. Bhí Baill na mBord an-sásta leis an chóras nua.

### Tástáil ar Líne

Ba athrú mór don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí in 2013 an t-athrú ó thástálacha a dhéanamh ar pháipéar nach mór chuig tástálacha ar líne nach mór. Mhol ár mBord an t-athrú chuig tástáil ar líne agus is cuid é anois d'ár bPlean Straitéiseach. Cuireadh an próiseas seo i bhfeidhm sna feachtais seo in 2013.

- Oifigeach Riaracháin
- Treas Rúnaí
- Oifigeach Cléireachais Sealadach
- Iniúchóir Faoi Oiliúint
- Rialtóir ar Sheirbhísí Éigeandála
- POC/AOF inmheánach d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus don Roinn Coimirce Sóisialaí agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

### (iii) Airgeadas agus Rialachas Corparáideach

#### Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Bhí cruinniú ag an Bhord sé huairé in 2013. Thug an Bord aird ar leith ar cheisteanna a bhaineann le feidhmíocht ar phríomhthosaíochtaí straitéiseacha, rialáil airgeadais agus bainistíocht riosca. Tugadh tuairiscí mionsonraithe faoi ghníomhaíochtaí agus airgeadas agus nuashonruithe faoi rioscaí agus iniúchadh inmheánach agus faoi dhul chun cinn maidir lenár bpríomhspricanna straitéiseacha don Bhord ag gach cruinniú.

Mhol an Bord an Ráiteas Straitéise 2014-16 (a dréachtaíodh tar éis próiseas comhairliúcháin suntasach).

#### Iniúchadh Inmheánach

Tugann Coiste Iniúchta Inmheánaigh an Bhoird comhairle don POF mar Oifigeach Cuntasaíochta faoi ábhair a bhfuil sé freagrach as. Tá Iníon Sylva Langord ina cathaoirleach ar an Choiste agus is iad na baill eile Deirdre O'Keeffe, Ball de Bhord PAS; Michael Culhane, Ceannasaí Iniúchta An Gharda Síochána, agus Brian Murphy, ionadaí den Bhainistíocht.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huairé i rith 2013. Dhírigh siad ar a ról a fhorbairt maidir le tacaíocht sa bhreis a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta i ngach gné den fheidhm iniúchta inmheánaigh. Dhírigh an Coiste go háirithe ar chinntiú gur cuireadh na réimsí ábhartha den Phlean Iniúchta Inmheánaigh 2013-2015 i bhfeidhm. Tugadh tuairisc faoi Chomhlíonadh Cánach agus Íocaíochtaí do Bhaill den Bhord Roghnaithe don Choiste Iniúchta Inmheánaigh le linn 2013.

Tugadh tuairiscí gearra don Choiste ag gach cruinniú le linn 2013 faoi dhul chun cinn a bhí á dhéanamh maidir le moltaí a rinneadh sna tuairiscí iniúchta le déanaí, a

chur i bhfeidhm. Díríonn an eagraíocht go leanúnach ar an phróiseas leantach maidir leis na moltaí a rinneadh sna tuairiscí iniúchta faofa, a chur i bhfeidhm.

#### Bainistíocht Riosca

Tá sé tábhachtach a chinntiú más féidir go n-aithnítear gach riosca agus go ndéantar beart chun a n-éifeacht a laghdú, agus dá bharr sin bhuail an Grúpa um Bainistíocht Riosca (lucht bainistíochta agus baill foirne PAS) le chéile i rith 2013.

Rinne an Bord athbhreithniú freisin ar an gClár Riosca Corparáideach ag a gcruinnithe i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair.

#### Soláthar

Tógann an oifig treoir ó Threoirlínte agus Polasaithe um Sholáthar Poiblí a fhoilsíonn an tAonad Soláthair sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ceapadh Oifigeach Soláthair nua taobh istigh den Oifig chun treoir straitéiseach a thabhairt maidir le ceannach, chun luach ar airgead a fháil agus chun soláthar éifeachtach agus spricanna corparáideach PAS a bhaint amach.

#### Caidreamh leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG)

Léiríonn na hiniúcháirí seachtracha atá i láthair go bhfuil córais láidre i rialachas corparáideach i bhfeidhm san earnáil phoiblí. Déanann oifig an C&AG athbhreithniú agus déantar tuairisc ar ár gcórais airgeadais agus mhúinéacha gach bliain agus bíonn ionadaí ó oifig an C&AG i láthair ag cruinniú dár gCoiste Iniúchta Inmheánaigh uair sa bhliain chun nuashonruithe a thabhairt dóibh faoin Iniúchadh.

## Caidreamh leis An Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP)

Bíonn teagmháil go minic idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis an CCSP maidir le hiniúchadh den fheachtas earcaíochta chuig na caighdeáin atá bunaithe ina gCóid Chleachtais atá foilsithe. De réir na gCód, is féidir le hiarratasóirí Achomharc a lorg chun athbhreithniú a fháil faoin phróiseas earcaíochta. Tá sonraí faoi líon na nAchomharc in 2013 ar fáil in Aguisín IV.

## Comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Sa bhliain 2013, d'fhoilsigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) an dara Scéim Teanga Ghaeilge. Tá an Scéim seo bunaithe ar threoirínte an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. De réir mar a fhoráiltear in Alt 13 den Acht, d'fhoilsigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí fógra i mí Feabhra 2013 inar lorgaíodh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara maidir le dhréachtscéim a ullmhú. Cuireadh an fógra ar shuíomh gréasáin PAS, i nuachtán Gaeilge agus cuireadh ar aghaidh é trí Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge chuig eagraíochtaí éagsúla Gaeilge. Tá ábhar na Scéime seo bunaithe ar ár dtaithe maidir le geallúintí don chéad Scéim a sholáthar, ar

na haighneachtaí a fuarthas, ar aiseolas leanúnach ó chustaiméirí, ar athbhreithniú ar leibhéal an éilimh do sheirbhísí trí Ghaeilge agus ar mholtaí ó bhaill foirne na hOifige. Tá sé mar aidhm ag an dara Scéim Teanga leanúint ar aghaidh ag soláthar na ngeallúintí seo agus cur leis an dul chun cinn a rinneadh le linn thréimhse na scéime deiridh. Dheimhnigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim seo agus tá feidhm aici ón 22 Iúil 2013. Beidh an scéim i bhfeidhm ar feadh thréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun alt 15 den Acht, cibé acu is moille. Tá an Scéim ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie).

Coinníonn Coiste Comhairleach Bainistíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí súil ar an Scéim o thaobh éifeacht oibre de. Tá ardbhainistíocht na heagraíochta freagrach as faireachán na Scéime ó lá go lá. De réir mar a athraíonn ról na hOifige le himeacht ama, déanfar gach iarracht úsáid a bhaint as gach deis a tharlaíonn chun an tseirbhís a sholáthraítear don phobal trí Ghaeilge a leasú. Shocraigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí athbhreithniú faoi dhul chun cinn na Scéime a chur san áireamh ina d'Tuarascáil Bhliantúil. Ón 31ú Nollaig 2013, chomhlíon PAS gach geallúint a rinneadh faoin scéim.

## AGUISÍN 1

### Achoimre de Ghníomhaíocht Earcaíochta 1 Eanáir – 31 Nollaig 2013

	Líon Iomlán na n-larratas a fuarthas	Líon a cuireadh faoi agallamh	Líon a hainmníodh / a moladh
<b>Státseirbhís</b>			
- Earcaíocht Cléireachais Sealadach	11,927	2,007	1,651
Riarachán	5,062	299	13
- Poist Ardghníomhaíochta & Ghairmiúla/Theicniúla/Speisialtacha	2,541	687	142
<b>Iomlán</b>	<b>19,530</b>	<b>2,993</b>	<b>1,806</b>
<b>Údaráis Áitiúla</b>			
Údaráis Áitiúla	896	381	38
An Eanáil Sláinte	420	217	95
<b>Iomlán</b>	<b>1,316</b>	<b>598</b>	<b>133</b>
<b>Cúltaca an Gharda Síochána</b>			
Cúltaca an Gharda Síochána	1,400	444	347
- Seirbhís Phríosúin	0	42	34
<b>Próisis a reáchtáladh do chomhlachtaí poiblí taobh amuigh de chúram an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004</b>			
An Coimisiún Meabhairshláinte	607	438	N/B
SEAI	116	26	2
An tÚdarás Iomaíochta	44	20	9
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre	87	26	3
- Boird Stáit	885	N/B	N/B
Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí Eile	444	152	20
<b>Iomlán</b>	<b>2,183</b>	<b>662</b>	<b>34</b>
<b>An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil</b>	<b>Líon Iomlán na n-larratas a fuarthas</b>	<b>Líon a cuireadh faoi agallamh</b>	<b>Líon na bhfeachtas a comhlíonadh</b>
<b>Iomlán</b>	<b>788</b>	<b>185</b>	<b>21</b>
<b>Seirbhísí Roghnaithe/Tástála a Soláthraíodh</b>			
	<b>Líon Iomlán na n-larratas a fuarthas</b>	<b>Líon a cuireadh faoi thástáil</b>	
- Státseirbhís	2,117	1,721	
Údaráis Áitiúla	2,705	1,907	
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	2,364	549	
Altranas Lánfhásta	1,930	1,577	
- PRTB	887	461	
<b>Iomlán</b>	<b>10,003</b>	<b>6,215</b>	
<b>Iomlán ar Fad</b>	<b>Líon na n-larratas 35,220</b>	<b>Líon a cuireadh faoi agallamh 4,739</b>	<b>Líon a hainmníodh / a moladh Moladh 2,354</b>



## **AGUISÍN II – Feachtais a Thosaigh in 2013**

### **Feachtais d’Ardfheidhmeannaigh**

#### **Feachtais ina ndearna PAS na réamh-staideanna agus ina ndearna TLAC na príomh-agallaimh**

##### **An Phríomh-Oifig Staidrimh**

Ard-Stiúrthóir Cúnta

##### **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

Rúnaí Cúnta x 2

##### **An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige**

Rúnaí Cúnta

##### **An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha**

Ard-Rúnaí

##### **An Roinn Cosanta**

Ard-Rúnaí

##### **An Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil**

Rúnaí Cúnta x 3

##### **An Roinn Airgeadais**

Príomh-Eacnamaí

Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibríochtaí

##### **An Roinn Gnóthaí Eachtracha**

Príomhoifigeach Airgeadais

##### **An Roinn Sláinte**

Rúnaí Cúnta

##### **An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

Rúnaí Cúnta

Príomhoifigeach Eolais do Rialtas na hÉireann

##### **An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**

Rúnaí Cúnta x 2

#### **Feachtais a réachtáil PAS ina n-iomláine**

##### **Oifig an Ard-Aighne / Abhcóide Parlaiminte**

Dréachtóir Comhairleach Grád III

Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte

##### **An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide**

Coimisinéir

## **Bord Athchóirithe na gComhar Creidmheasa**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## **An Garda Síochána**

Ceannasaí Cumarsáide

## **An Roinn Sláinte**

Príomhoifigeach Altranais

## **FnaSS**

Stiúrthóir Náisiúnta ar Ospidéal Dianchúraim

Stiúrthóir Náisiúnta do Chúram Sóisialta

Stiúrthóir Náisiúnta do Shláinte agus d'Fholláine

Stiúrthóir Náisiúnta ar Sheirbhísí Meabhairshláinte

Stiúrthóir Náisiúnta do Chúram Príomhúil

Príomhoifigeach Airgeadais

Príomhoifigeach Oibríochtaí, Ospidéal Ollscoile Luimnigh

Príomhfheidhmeannach Sealadach, Grúpa Ospidéal Náisiúnta Leanaí

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Grúpaí Ospidéal

Stiúrthóir Cláir, Bord Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Phéidiatraicigh

## **An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

Ceannasaí ar Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla

Bainisteoir Cláir, Soláthar

## **An Roinn Coimirce Sóisialaí**

Príomh-Chomhairleoir Leighis

## ***Feachtais do Speisialtóirí / Bainistíocht***

## **An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige**

Bainisteoir Campais

## **An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil**

Oifigeach Cumarsáide

## **An Roinn Oideachais agus Scileanna**

Bainisteoir Cláir

Comhairleoir Seirbhísí Comhroinnte

## **An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)**

Stiúrthóir, Curaclam agus Measúnacht

## **An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

Ceannasaí Oibríochtaí, An Oifig um Sholáthar Rialtais

Ceannasaí ar Sheirbhísí do Chustaiméirí, An Oifig um Sholáthar Rialtais

Bainisteoir Éirim Ghnó, An Oifig um Sholáthar Rialtais

Stiúrthóir Foinsithe, An Oifig um Sholáthar Rialtais

Bainisteoir Cláir, Athchóiriú Soláthair

Ceannaire do Bhainistíocht Seirbhíse agus Feabhsú Leanúnach le PeoplePoint

**Binse Achomhairc do Dhídeanaithe**  
Cathaoirleach

*Feachtais do Phoist Ghairmiúla/Theicniúla/Riaracháin sa Státseirbhís/Gníomhaireachtaí*

**Státseirbhís Ginearálta**  
Oifigeach Cléireachais Sealadach  
Oifigeach Riaracháin  
Taighdeoir Dí

**An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**  
Forbróir Bogearraí GIS  
Ataisé le Gnóthaí Mara

**Áras an Uachtaráin**  
Ceannasaí ar Óráidí a Scríobh

**An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta**  
Cartlannaí

**An Phríomh-Oifig Staidrimh**  
Staitisteoir

**Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**  
Aturnae Stáit  
Príomh-Aturnae Speisialtachta  
Aturnae Stáit Speisialtachta

**An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha**  
Speisialtóir Cúnta le Taiscéalaíocht Peitríliam  
Speisialtóir le Taisceolaíocht Peitríliam

**Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**  
Iniúcháir Faoi Oiliúint

**An Roinn Gnóthaí Eachtracha**  
Treas Rúnaí

**An Roinn Airgeadais**  
Oifigeach Comhlíontacháin  
Eacnamaí

**Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána**  
Stiúrthóir Fiosrúchán

**An Garda Síochána**  
Garda Faoi Oiliúint

## **Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann**

Druilleálaí

## **An Roinn Sláinte**

Príomh-Chógaiseoir

## **An Coimisiún um Athchóiriú Dlí**

Bainisteoir Cúnta Tionscadail

## **Tithe an Oireachtais**

Aistritheoir Grád III

Taighdeoir (Eacnamaíocht)

Taighdeoir – Eolaíocht Shóisialta

Tuairisceoir Parlaiminte

## **Seirbhís Phríosúin na hÉireann**

Gobharnóir Grád III / Ceannasaí Oiliúna

## **Oifig na nOibreacha Poiblí**

Stiúrthóir ar Gharraithe Náisiúnta na Lus

Innealtóir - Grád II

## **An Roinn Coimirce Sóisialaí**

Measúnóir Leighis x 2

## **Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

Bainisteoir do Mheasúnú Scrúduithe Matamaitic x 2

## **An tSaotharlann Stáit**

Anailísí Saotharlainne (Ceimic)

Príomhcheimiceoir

## **An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**

Cigire ar Thimpistí Aeir (Innealtóir)

## ***Feachtais d'Údaráis Áitiúla***

- Bainisteoir Chathair Bhaile Átha Cliath
- Bainisteoir Cathrach na Gaillimhe
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire / Ráth an Dúin
- Bainisteoir Contae Fhine Gall
- Bainisteoir Contae Mhuineacháin
- Bainisteoir Contae Shligigh
- Bainisteoir Chontae na hIarmhí
- Bainisteoir Contae Lú
- Bainisteoir Contae Loch Garman
- Bainisteoir Chontae Liatroma
- Bainisteoir Chontae Chorcaí
- Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta, Comhairle Cathrach Loch Garman
- Dlíodóir Ardfeidhmiúcháin, Comhairle Contae na Gaillimhe
- Cigire Tréidliachta, Comhairle Contae Chorcaí
- Innealtóir an Chontae, Comhairle Contae Chorcaí
- Feidhmeannach Sinsearach do Chórais Iompair Chliste, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Príomhoifigeach um Leas Tithíochta, Oifigeach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Leas-Phríomhoifigeach Dóiteáin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (x2)
- Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Oifigeach Sinsearach Eolaíochta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Príomh-shuirbhéir Cainníochta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Tiobraid Árann Theas.
- Ceann an Airgeadais, Comhairle Contae Chill Chainnigh.
- Ceannasaí ar Chórais Eolais – oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin, Comhairle Contae na Gaillimhe

## ***Feachtais FnaSS***

- Iniúchadh Inmheánach do Thionscadail speisialta agus Iniúchtaí de Ghrád VII agus VIII
- Iniúchadh Inmheánach TE Grád VII agus VIII
- Iniúchadh Inmheánach ar Oibríochtaí Grád IV, V agus VI
- Oifigeach Sinsearach Leighis Ceantair
- Príomh-Chógaiseoir II, An Cabhán/Muineachán
- Stiúrthóir Altranais, Naomh Fionnán, Acaill
- Lia Fiaclóireachta Ginearálta
- 60 feachtas do phoist éagsúla mar Chomhairligh Ospidéal

## ***Feachtais an Choiste Gairmoideachais***

- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bord Oideachais agus Oiliúna Longfort agus na hIarmhí
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí
- Stiúrthóir ar Aonad Seirbhísí Tacaíochta an Choiste Gairmoideachais

## *Feachtais do Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí eile*

- Ceannasaí ar Sheirbhísí Leasa Oideachais, Gníomhaireacht do Leanaí agus do theaghlaigh
- Príomhoifigeach Oibríochtaí, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh
- Ceannasaí Rannóige, Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha, Údarás Fuinnimh Inmharthana Éireann
- Bainisteoir an Aonaid Iniúchta, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Feidhmeannach Cláir, Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha, Údarás Fuinnimh Inmharthana Éireann
- Painéal de Chathaoirligh (Dlíodóir/Abhcóide), An Binse Sláinte Mheabhrach
- Painéal de Bhaill Thuata, An Binse Sláinte Mheabhrach
- Painéil de Shíciatraithe Comhairleacha, An Binse Sláinte Mheabhrach agus do Scrúduithe Leighis Neamhspleácha
- Bainisteoir Taighde, An tÚdarás um Sláinte ar Bhóithre
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Sealadach, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Sealadach, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Ceannasaí ar Mhaoirseacht Rialála agus Monatóireachta, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ciste Reachtúil na nInstitiúidí Cónaithe
- Stiúrthóir Feidhmiúcháin, The Green Way
- Stiúrthóir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- Sirriam Contae Bhaile Átha Cliath
- Stiúrthóir Airgeadais, Gníomhaireacht Forbartha Ghráinnseach Ghormáin
- Bainisteoir um Dheontais a Phróiseáil, Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn
- Ombudsman Cúnta um Sheirbhísí Airgeadais
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bealaí Uisce Éireann
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontar Éireann
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Loughs Agency
- Stiúrthóir den Chlárlann Náisiúnta Ailse
- Oibrí Cáis, Caranua
- Ceannasaí Cumarsáide agus Rannpháirtíochta, Caranua
- Athbhreithnitheoir Seachtrach, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- Bainisteoir Roinne, An tÚdarás Iomaíochta
- Comhairleoir Dlí, An tÚdarás Iomaíochta
- Boird Stáit x 18

## AGUISÍN III

### Torthaí ar Shuirbhéanna Iarratasóirí agus ar Chaighdeáin Seirbhíse eile

#### Torthaí Shuirbhé Bhaill na m Bord

<b>Caighdeán agus Am Feithimh na bPróiseas agus Doiciméadúcháin</b>	<b>Ráta Freagraí Dearfacha</b>	<b>Ráta Freagraí Diúltacha</b>
Doiciméadúchán faighte in am d'ullmhúchán	95%	5%
Sástacht le doiciméadúchán tacaíochta	100%	
Sástacht le hoiliúint/nótaí a tugadh	89%	11%
Tugadh dóthain deiseanna d'iarratasóirí a n-oiriúnacht a léiriú	95%	5%
Sástacht le bearta chun rúndacht an phróisis a chinntiú	98%	2%
<b>Plé leis an Fhoireann</b>		
Sástacht le seirbhís ón fhoireann	100%	

#### Torthaí ar Shuirbhé na gCliant

<b>Riachtanais na gCliant a Chomhlíonadh</b>	<b>Ráta Freagraí Dearfacha</b>	<b>Ráta Freagraí Diúltacha</b>
Sástacht lenár dtuiscint ar riachtanais earcaíochta na gcliant	100%	
Sástacht le hamscála chun riachtanais na gcliant a chomhlíonadh	100%	
Sástacht le caighdeán na mball foirne a tugadh dóibh	100%	
Sástacht le fiúntas a cuir PAS leis	100%	
<b>Plé leis an Fhoireann</b>		
Sástacht le caighdeán na comhairle a thug an fhoireann	87.5%	12.5%
Sástacht le cúirtéis a léirigh an fhoireann	100%	
Sástacht le héifeachtacht ag plé le ceisteanna	100%	
Sástacht le caighdeán na tacaíochta a tugadh	100%	

## Caighdeán Seirbhíse eile a baineadh amach i 2013

<b>Seirbhís</b>	<b>Caighdeán</b>	<b>Torthaí a Baineadh Amach</b>
<b>Chliant</b>		
Baill foirne riaracháin a sholáthar do Chliant ar iarratas	Painéil in áit do gach grád seirbhíse ginearálta do 80% d'ionaid	Ní raibh aon fheachtas idir-rannach nó OC/oF ann mar gheall ar an mhoratóir
Ceapachán chuig poist Ardbhainistíochta / Ghairmiúla / Theicniúla	80% de na feachtais le críochnú taobh istigh den sprioc-am a comhaontaíodh leis an Chliant (mar chuid de Chomhaontas do Leibhéal Seirbhíse)	Baineadh amach – <i>(ach i gcásanna iontach casta do chomhairligh leighis ina raibh fadhbanna le cead)</i>
	95% de na feachtais – poist líonta	Baineadh amach
Soláthraíodh seirbhísí earcaíochta agus roghnaithe eile (m.sh. Anailís Poist, cuid den earcaíocht agus den roghnú)	Amscála le comhaontú leis an Chliant ar iarratas mar chuid de Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse	Baineadh amach
<b>Gach Custaiméir</b>		
Suíomh gréasáin oiriúnach, inrochtana agus lán eolais a sholáthar – <a href="http://publicjobs.ie">publicjobs.ie</a>	Ar fáil 99% den am; Seirbhís i bhfeidhm arís taobh istigh de 2 uair a chloig ó tugadh fógra faoin bhriseadh	Baineadh amach
Seirbhís ar ardchaighdeán do gach grúpa a thagann faoin Dlí Comhionannais agus d'iarratasóirí faoi riachtanais speisialta	Rinneadh gach feachtas de réir an dea-chleachtais maidir le comhionannas agus éagsúlacht	Baineadh amach



## **AGUISÍN IV**

### **Achomhairc**

#### **Achomhairc ag Leibhéal Éagsúla 2013**

		<b>Líon a Fuarthas</b>
<b>An Chéad Athbhreithniú</b>	<b>PAS Leibhéal 1</b>	<b>51</b>
	<b>PAS Leibhéal 2</b>	<b>52</b>
<b>An tEadránaí Cinnidh</b>	<b>PAS Leibhéal 3</b>	<b>14</b>

### Léargas ar Úsáid Fuinnimh 2013

Baineann úsáid fuinnimh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don chuid is mó le téamh/soilsiú agus uisce a chur ar fáil san oifig in Áras na Caibidle.

Sa bhliain 2013 d'úsáid PAS 1,220.99 MWh d'fhuinneamh mar leanas:

920.39 MWh leictreachais;  
300.6 MWh de bhreosla iontaise;  
0 MWh de bhreosla in-athnuaite;

### Gníomhaíochtaí a Rinneadh sa bhliain 2013

In 2013 rinne PAS bearta éagsúla chun úsáid fuinnimh a fheabhsú, mar leanas:

- Cuireadh baill foirne ar an eolas faoi fhuinneamh a shábháil trí fhógraí agus trí mheabhráin faoi fhuinneamh a úsáid
- Súil ghéar agus srian a choinneáil ar úsáid fuinnimh lena n-áirítear idirghábhálacha de lámh le rialtán an chórais téimh.

### Gníomhaíochtaí atá pleanáilte do 2014

Tá sé beartaithe ag PAS sa bhliain 2014 feabhas a chur le húsáid fuinnimh mar leanas:

- Baill foirne a choinneáil ar an eolas go leanúnach maidir le fuinneamh a shábháil.
- Idirghabháil a dhéanamh de lámh ar bhun leanúnach ar rialtán an chórais téimh go dtí go mbeidh córas bainistíochta foirgnimh i bhfeidhm.
- Cuireadh Foireann chun Fuinneamh a Shábháil in áit do bhaill foirne ar fud na heagraíochta

## AGUISÍN VI

### CAITEACHAS

Tá caiteachas na bliana 2013 leagtha amach thíos:

	€000
(i) Tuarastal, pá agus liúntais	4,283
(ii) Taisteal agus cothabháil	45
(iii) Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	140
(iv) Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	103
(v) Trealamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha	746
(vi) Costais foirgnimh oifige	214
(vii) Costais earcaíochta – taighde agus Rialáil Chorparáideach	24
(viii) Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil	386
(ix) Costais earcaíochta – boird agallaimh	<u>342</u>
<b>Ollchaiteachas</b>	<b>6,283</b>
<b>Leithreasá i gcabhair</b>	<b><u>269</u></b>
<b>Glanchaitea chas</b>	<b><u>6,014</u></b>